C/2025/5234

25.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12123 — NORDIC CAPITAL / PERMIRA / BAVARIAN NORDIC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5234)

1. An 16 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nordic Capital XI Limited ('Nordic Capital', Geirsí), faoi úinéireacht an ghrúpa cistí agus feithiclí Nordic Capital (Geirsí),

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— Bavarian Nordic A/S ('Bavarian Nordic', an Danmhairg).

Gheobhaidh Nordic Capital agus Permira rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Bavarian Nordic ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 28 Iúil 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Nordic Capital a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí meánmhéide atá gníomhach in LEE agus ar fud an domhain,

— Soláthraíonn Permira seirbhísí bainistíochta infheistíochtaí do chistí infheistíochta ar fud an Aontais Eorpaigh agus an domhain,

— Is soláthraí domhanda vacsaíní taistil é Bavarian Nordic agus soláthraíonn sé vacsaíní do rialtais agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta chun tacú le tionscnaimh ullmhachta sa tsláinte phoiblí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12123 — NORDIC CAPITAL / PERMIRA / BAVARIAN NORDIC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË